*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*




# Scéal Oilibhéir

**Nuachtlitir 19-9-2019**

## Obair Tís | *Housekeeping*

Agus scoilbhlian eile faoi lán-seoil, tugtar faoi deara na nithe seo thíos le bhur dtoil.
*As another shcool year is fully underway, please take note of the things below*

- Polasaí Úsáide Inghlactha na Ríomhairí le síniú ag gach páiste agus ag a dtuismitheoir. Beidh sé seo ag dul abhaile ar ball.
  *Acceptable User Policy for Computers to be signed by every child and their parent. This wil be going home shortly.*
- Eolas Teagmhála le huasdátú má tá athrú air ó Mhí an Mheithimh.
  *Contact Information to be updated if changed since last June.*
- Má tá aon athrú ó thaobh chúrsaí leighis de, iarrtar ort labhairt linn láithreach
  *If there are any changes regarding medication, we ask that you speak to us immediately.*
- Tá cosc iomlán sa scoil ar chnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu. Bígí an-chúrmach le rudaí sna boscaí lóin le bhur dtoil.
  *Nuts and products containing nuts are completely banned in the school. Please be extremely careful with what goes into lunch boxes*
- Má bhí timpiste ag do pháiste i rith an tsamhraidh, tá seans ann go gclúdófar árachas na scoile é, bí ag caint liom.
  *If your child had an accident during the summer, it may be covered by school insurance, come and talk to me.*
- Is de bharr cúiseanna maithe nach bhfuil cead cuirí breithlae a thabhairt amach ar scoil. Iarrtar ort **gan** é a dhéanamh
  *There are really good reasons why we don't allow birthday invitations to be given out at school. You are asked **not** to do so.*
- **Is cuma faoin aimsir – Ná páirceáil sa chiorcal – Ná stop san ascaill nó sa bhosca buí – Fág spás os do chomhair do dhaoine atá ag páirceáil – Úsáid spás páirceála amháin – Bain úsáid as an gCúil Mhín/as Páirc na Mílaoise/as an nGaráiste – Bí cúramach – Bí ciallmhar**
  *Regardless of the weather – Do not park in the circle – Do not stop in the avenue or the yellow box – Leave space in front of you for people parking – Use one parking space – Use the Millenium Park/Coolmine/The Garage – Be careful – Be Sensible*

## Réaltaí Órga - Club Iarscoile| *After School Club*

Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir le Réaltaí Órga glacadh le páistí gan socrú roimhré. Is gá don pháiste a bheith cláraithe leo roimh ré agus ní féidir é seo a dhéanamh trí oifig na scoile. Téigh i dteagmháil le realtaiorga@gmail.com chun tuilleadh eolais a fháil.
*Please note that Réaltaí Órga (After School Club based in the prefab) can no longer accept children without prior arrangement. The child must be registerered with them beforehand and this cannot be done through the school office. Contact realtaiorga@gmail.com for more information.*

## Na Naíonáin Nua!| *The New Infants!*

Tá ár gcairde beaga nua socraithe isteach go maith agus táimid an-sásta leo. Tá siad sona sásta agus ag sealbhú na teanga go breá. Cuimhnigh go bhfuil fáilte romhat aon rud a phlé leis an múinteoir. Más gá duit labhairt leis an múinteoir faoi rud níos faide ná leathnóiméad, iarrtar ort coinne a dhéanamh tríd an oifig agus gan comhrá a thosú sa chlós ar maidin. Ach ná bíodh drogall ort glaoch a dhéanamh má tá rud ar bith le plé agat!
*Our new little friends have settled in wonderfully and we're really happy with them. They're happy and content and readily acquiring language. Please remember that you are more than welcome to discuss anything with the teacher. If you do need to discuss something however that will take more than a couple of seconds, you are asked to make an appointment through the office and not to start a conversation in the line in the morning. But please do not hesitate to get in touch if you have anything at all to discuss.*

## Iontráil | *Enrolment*

Tá an Polasaí reatha Iontrála don Mheán Fómhair 2020 ar an suíomh anois. Beidh Foirimeacha Iarratais ann ar ball. Beidh an Próiseas Iontrála ag oscailt i mí na Samhna. Scaip an scéal i measc do chairde agus cuimhnigh, fiú má tá páiste agat sa scoil cheana féin agus páiste eile ag teacht, is gá an Fhoirm Iarratais a líonadh amach. Tá Léiriú Suime ar an suíomh do dhaltaí ionchasacha nua freisin a chabhróidh linn pleanáil a dhéanamh do na blianta amach romhainn. Roinn le do chairde agus le daoine le páistí réamhscoile é le do thoil.
*The current Enrolment Policy for September 2020 is now on the website. The Application Forms wil be there shortly. The Enrolment Process will open in November. Please spread this news amongst your friends and remember, even if you have children already attending the school, you still have to complete an Application Form. There is also an Expression of Interest on the website for prospective new pupils which will help us to plan for the upcoming years. Please share with friends and anyone with preschool children.*

## Mórghlanadh Suas Scoile agus Bailte Slachtmhara Bhaile Bhlainséir | *Big School Clean-Up and Blanchardstown Tidy Towns*

## *Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

Tá an scoil chun Mórghlanadh Suas a dhéanamh sna cheantair mhaguaird ar an Aoine seo chugainn 27 Meán Fómhair, ag tosú ar 13:45. Tá fáilte roimh thuismitheoirí na Naíonán teacht ar ais leo ach de bharr cúiseanna sábháilteachta, caithfidh tuismitheoir a bheith in éineacht le gach Naíonán. Beir leat do lámhainní agus do chrúb bhruscair!

*The whole school will do a Big Clean-Up in the areas adjacent to the school next Friday 27 September, starting at 13:45. Parents of Infants are welcome to return to take part but for safety reasons, every infant must be accompanied by a parent. Bring your gloves and litter-picker!*

### Earraí Scoile | *School Supplies*

Chuaigh clúdach litreach bán abhaile leis an leabharliosta don íocaíocht thábhachtach seo. Cuir ar ais chuig Anna na hOifige é láithreach le bhur dtoil mura bhfuil sé déanta cheana féin. Ba cheart duit é a fheiceáil ar Aladdin nuair atá sé faighte againn. Bí ag caint linn má tá an clúdach litreach caillte agat. Más gá duit plean íocaíochta a oibriú amach liom, is féidir linn teacht ar réiteach discréideach. Tar i dteagmháil liom faoi rún más gá. Is cuid den Leabharliosta é agus íocann sé as na rudaí seo a leanas i measc go leor rudaí eile;

- Árachas 24 Uair - *24-hour Insurance*
- *Aladdin*
- Ábhair Ealaíne - *Arts Materials*
- Trealamh Spóirt - *Sports Equipment*
- Imeachtaí Breise - *Extra Activities*
- Fótachóipeáil - *Photocopying*

*A white envelope went home with the Booklist for this important payment. Please send it in to Anna in the Office immediately if you haven't already done so. You should see it on Aladdin when we receive it. Get in touch if you've lost the envelope. If you need to work out a payment plan with me, we can come to a discreet arrangement. Please contact me in confidence if you need to. It is part of the Booklist and this pays for the above, among other things.*

### Oíche Oscailte| *Open NIght*

Mar chuid dár gcuid iarracht feasacht an phobail mhaguaird a ardú ar an scoil, beidh Oíche Oscailte againn sa scoil ar an gCéadaoin 2 Deireadh Fómhair. Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh roimh thuismitheoirí agus roimh dhaltaí ionchasacha. Scaip an scéal!

*As part of our efforts to raise awareness of the school in the local community, we will have an Open Night in the school on Wednesday 2 October. Prospective parents and their children are most welcome. Spread the word!*

### *Aladdin* agus Cumarsáid | *Aladdin and Communication*

Mar is eol daoibh, tá cumarsáid na scoile á riaradh tríd Aladdin anois. Ar ndóigh, téann an chumarsáid an dá bhealach agus is féidir leatsa na rudaí seo thíos a fheiceáil agus a dhéanamh ar chuntas Aladdin do pháiste. Tá sé i gceist againn áis íocaíochta ar-líne a thabhairt isteach freisin

Pé íocaíochtaí atá déanta agat | *Any payments you have made*
Nótaí asláithreachta a scríobh | *Write absence notes*
Foirmeacha Ceada a líonadh | *Complete Permission Slips*
Tinreamh do pháiste | *Your child's Attendance*
Cruinithe na dTuistí a eagrú | *Schedule Parent Teacher Meetings*
Sonraí do pháiste a leasú | *Edit your child's details*

*As you know, the school's communication is being administered through Aladdin now. Of course, communication goes both ways and you can see and do all the above on your child's Aladdin account. It is also intended to bring an online payments facility in.*

### Cóisir Mharty sa Scoil agus Gaisce Stairiúil Chiaráin| *A Marty Party in the School and Ciarán's Historic Achievement!*

Chuireamar fáilte roimh Mharty Morrissey sa scoil an Aoine seo caite agus thaispeáin cuid dár bpáisti go m'fhéidir go sciobfaidh siad a phost sar i bhfad! Bhí idir bhród agus ghliondar orainn gur bronnadh *Laoch na hImeartha* ar iardhalta na scoile, Ciarán Mac Ghiolla Chainnigh agus 5 cinn as a chéile buaite ag na *Dubs*, an chéad uair riamh go ndearnadh an gaisce sin i stair an Chumainn Lúthchleas Gael. Bhí níos mó mórtais fós orainn ansin gur chuimhnigh Ciarán órainn agus gur aithin sé obair an Mháistir, Connchubhar Ó Brosnacháin, a bhí ina Phríomhide Tánaisteach anseo agus a chaith an-chuid is mó dá shosanna lóin sa pháirc le Ciarán agus leis na buachaillí eile, ag cur loinnreach ar a gcuid scileanna peile. An chúis mhórtais ba mhó ná gur luaigh Ciarán gur mhúin Scoil Oilibhéir dó faoin gcultúr, faoin stair, agus faoin teanga agus gur chabhraíomar leis foghlaim conas barr a chumas a bhaint amach.

*We welcomed Marty Morrisey to the school last Friday and some of our children showed that they may steal his job before long! We were both proud and delighted that past-pupil, Ciarán Kilkenny, was awarded Man-of-the-Match having won 5-in-a-row with the Dubs, the first time this has ever been achieved in the history of the GAA. We were even prouder that he remembered us and that he recognised the* Máistir, Connchubhar Ó Brosnacháin, *who was vice-principal here and who spent most of his lunchbreaks in the field with Ciarán and with the other boys, polishing their football skills. The greatest source of pride was that Ciarán mentioned how* Scoil Oilibhéir *had taught him about our culture, our history and our language and that we had helped him learn how to be the best that he could be.*

### Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí | *Parent-Teacher Meetings*

Beidh na cruinnithe seo ar siúl san iarnóin ar an 27 agus 28 Samhain. Rachaidh na páistí abhaile ar 14:15 ar an dá lá seo agus is gá go mbaileofar iad go pras. Ní bheidh tú in ann cruinniú a chur in áirithint ach amháin tríd Aladdin agus tabharfar cúpla lá fógra duit sula n-osclaítear an córas.

*These meetings will take place on the 27 and 28 November in the afternoon. The children will go home at 14:15 those days and must be collected promptly. You will only be able to schedule a meeting through Aladdin and you will get a few days notice before the system opens.*

### M

### íolta Gruaige | *Headlice*

Tá cásanna sa scoil faoi láthair. Is rud nádúrtha é, cuid de shaol an pháiste faraor ach níl sé go deas! Ní féidir linn mórán a dhéanamh sa scoil mura bhfuil an ghruaig á seiceáil sa bhaile. Moltar gruaig do pháistí a sheiceáil go rialta agus é a mhíniú dóibh gan a bheith ag roinnt earraí gruaige (scuabanna srl.). Gheobhaidh tú comhairle mhaith ón bpoitigéir freisin.

*We have some cases in the school at the moment. It's a natural part of a child's life unfortunately but it's not nice! We can't do much about it in the school if hair is not being checked at home. It is advised that you check your child's hair regularly and explain to them not share hair accessories (brushes etc.). You will get good advice from your pharmacist also.*

## Gaeilge do Thuismitheoirí | *Gaeilge for Parents*

Tá se i gceist againn ranganna a eagrú do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir linn. Beidh leibhéal do gach éinne. Má tá suim agat iad a dhéanamh, bí i dteagmháil le Cumann na dTuismitheoirí nó leis an Oifig. Bí cinnte féachaint ar http://irishforparents.ie.

*We intend to organise Parents' Classes as soon as possible. There will be a level for everybody. If you are interested in doing them, please contact Cumann na dTuismitheoirí or the office. Be sure to look at http://irishforparents.ie. There are helpful hints and videos.*

## Taithí Oibre na hIdirbhliana | *Transition Year Work Experience*

Caithfidh mé cúpla pointe a mhíniú daoibh maidir le glacadh le daltaí idirbhliana sa scoil chun taithí oibre a dhéanamh. I dtús báire, is mór againn é go bhfuil an méid sin páistí ag iarraidh teacht chugainn agus is mór an chabhair iad freisin. Déanaimid ár ndícheall deis a thabhairt dóibh taithí a fháil ar shaol na scoile agus faoi shaol an mhúinteora sa chás go bhfuil an dalta féin compordach le dul ag obair le páistí faoi stiúir an mhúinteora.

Faraor, ní féidir linn glacadh le gach éinne ach an oiread agus tá sé ríthábhachtach má tá dalta ag iarraidh teacht anseo go dtéann siad i dteagmháil liom le dátaí chomh luath agus is féidir. Tabharfar túsáite d'iardhaltaí na scoile agus do dhaltaí le Gaeilge.

Tuigfidh sibh ar ndóigh go bhfuil riachtanais ar leith maidir le Grinnfhiosrú na nGardaí agus ba mhaith liom a mhíniú;

- nach mbeimid in ann glacadh le dalta meánscoile mura bhfuil Grinnscrúdú na nGardaí déanta acu roimh thús na tréimhse.
- Is gá dóibh an fhoirm a fháil ón scoil agus an fhoirm a líonadh, ar a laghad, dhá mhí roimh thús na treimhse
- go bhfuil coinníollacha ar leith a bhaineann le páistí idir aois a 16 agus aois a 18 agus go mbeidh foirm le síniú ag a dtuismitheoirí freisin
- Ní féidir linn faoi láthair grinnscrúdú a dhéanamh ar pháistí faoi 16 bliana d'aois

Súil agam go bhfuil sé seo soiléir agus ar ndóigh, táim breá sásta é a phlé más gá.

*I need to explain a couple of points regarding acceptance of Transition Year Students to do work experience in the school. Firstly, we really appreciate that so many students want to return to us and also, they are a huge help. We endeavour to give them a real taste of the life of the school and the life of a teacher where the student is comfortable with working with the children under the supervision of the Class Teacher.*

*You will understand of course that there are certain requirements regarding Garda Vetting and we would like to explain that;*

- *We won't be able to accept any student who isn't Garda Vetted before the beginning of the Work Experience.*
- *The form must be obtained from the school and returned at least two months before the beginning of the Work Experience.*
- *There are certain separate conditions pertaining to the vetting of students between 16 and 18 years of age and that there will be a form to be signed by their parents.*
- *We cannot at present vet children under 16*

*Unfortunately, we cannot accept everybody, and it is crucial that if a student wishes to come here that they get in touch with dates at the earliest opportunity. Priority will be given to past-pupils and students with Gaeilge.*

## Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Tá Cumann na dTuismitheoirí gnóthach ag eagrú Tráth na gCeist 2019!! Is ócáid shóisialta iontach é agus bealach maith é freisin aithne a chur ar na tuismitheoirí eile. Ní gá duit a bheith i do thuismitheoir agus tá fáilte roimh éinne. D'fhéadfaí go léireofá do chuid eolais ghinearálta agus go mbuafá duais dheas duit féin. Beidh sé ar siúl ar an 24 Deireadh Fómhair at 20:30 sa *Bell*. An costas ná €40 do gach bord ceathrair (agus ceathrar amháin ag an mBord!!!). Más féidir leat cabhrú ar aon bhealach, nó má tá baint agat le gnó éigin a bheadh sásta duais a dheonadh nó leathanach a thógáil sa leabhar, bí i dteagmháil leis an gCumann. Beidh crannchur speisialta d'aon bhord atá cláraithe agus íoctha roimh 14:30 an Luan 21 Deireadh Fómhair.

*Cumann na dTuismitheoirí have been very busy organising Table Quiz 2019. It's a fantastic social occasion and great way to get to know other parents in the school. You don't have to be a parent and anyone is more than welcome. You might also show off your general knowledge and win a nice prize. It will be on 24 October in the Bell at 20:30. The cost of a table of four is €40 (and strictly 4 to a table!!!). If you can help in any way, or if you're connected to a business that might donate a prize or take a page in the booklet, please contact the Cumann. There will be a special draw for any table that registers and pays before 14:30 on Monday 21 October.*

## Cúrsaí Spóirt | *Sporting Matters*

Tá ag éirí go hiontach le cúrsaí peile na gcailíní agus na mbuachaillí, tá dhá chluiche imeartha acu go dtí seo agus tá ceann amháin fágtha. Buíochas ó chroí le Múinteoirí Colleen, Caitríona, Pádhraic agus Shane as a gcuid ama a thabhart suas i rith an lóin agus tar éis scoile. Tá na ranganna ag rith arís agus tá Rang a Cuig agus Rang a Sé ag glacadh páirte in *MarathonKids.*

*Boys' and girls' football is going great, we have played two games of each and have one game left. Huge thanks to* Múinteoirí Caitríona, Colleen, Pádhraic *and* Shane *for giving up their time during lunch and after school. Our classes are back running and* Rang a Cúig *and* Rang a Sé *are taking part in Marathonkids.*

| | | |
|---|---|---|
| **Peil na mBuachaillí** | | |
| 26/09/2019 15:00 | St. Benedict's -v- Scoil Oilibhéir | Benedict's |
| **Peil na gCailíní** | | |
| 25/09/2019 15:00 | Divine Mercy SNS, Balgaddy -v- Scoil Oilibhéir | Lucan Sarsfields |

## Laethanta Corpoideachais | *PE days*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

Tiocfaidh athrú air seo nuair a thosaíonn an Yóga agus an Zumba ach don mhí seo;.
This will change when Yoga and Zumba start but for now;

| | | | |
|---|---|---|---|
| Naíonáin Bheaga **Ghlasa** | - | An Mháirt | *Tuesday* |
| Naíonáin Bheaga **Bhuí** | - | An Déardaoin | *Thursday* |
| Naíonáin Mhóra | - | An Chéadaoin | *Wednesday* |
| Rang a hAon | - | An Chéadaoin | *Wednesday* |
| Rang a Dó | - | An Déardaoin | *Thursday* |
| Rang a Trí | - | An Chéadaoin | *Wednesday* |
| Rang a Ceathair | - | An Aoine | *Friday* |
| Rang a Cúig | - | An Chéadaoin | *Wednesday* |
| Rang a Sé | - | An Aoine | *Friday* |

## Dátaí don Dialann |*Dates for the Diary*

| | | |
|---|---|---|
| **20-09-2019** | Maidin Chaife Chumann na dTuismitheoirí \| *Parents'Association Coffee Morning* | 13:00 sa scoil |
| **24-09-2019** | Oíche Oscailte Choláiste Mhuire don Chéad Bhliain 2020 \| Coláiste Mhuire *open night for First Year 2020* | 19:00 sa scoil |
| **24-09-2019** | Oíche Eolais Choláiste na Tulchann\| Coláiste na Tulchann *Information NIght* | 18:00 sa scoil |
| **25-09-2019** | Rang a Cúig agus Rang a Sé ag dul go Sc. Chaitríona \| Rang a Cúig *and* Rang a Sé in Sc. Chaitríona *tion Night* | |
| **26-09-2019** | Oíche oscailte Scoil Phobail Chúil Mhín \| *Coolmine Community School Open Night* | 19:30 |
| **26-09-2019** | Oíche oscailte i gColáiste Chaisleán Cnucha do Rang a Cúig amháin<br>*Open Night in Castleknock College for Rang a Cúig only*<br>Féach ar https://www.eventbrite.ie/e/st-vincents-castleknock-college-open-night-2019-tickets-68146312455. | 19:00 |
| **27-9-2019** | Mórghlanadh suas \| *Big Clean-Up* | 13:45 sa scoill |
| **02-10-2019** | Oíche Oscailte Scoil Oilibhéir \| *Scoil Oilibhéir Open Night* | 18:00 - 20:00 |
| **03-10-2019** | Oíche Oscailte Scoil Chaitríona \| Scoil Chaitríona *Open Night* | 19:00-20:30 |
| **04-10-2019** | Bailiúchán Éadaí \| *Clothes Collection* | |
| **07-10-2019** | Oscailt na n-iarratas do mheánscoil Mount Sackville óna 8:00 – caithfear cailíní a chlárú i Rang a Trí<br>*Opening of applications to Mount Sackville Secondary from 8:00 – girls must be registered in Third Class* | |
| **11-10-2019** | Aifreann Oilibhéir \| *Annual Mass* | *12:30* – Abhaile ina dhiadh\| *Home afterwards* |
| **14-10-2019** | Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i gColáiste Mhuire<br>*Deadline for First Year Applications in* Coláiste Mhuire | 12:00<br>12:00 |
| **24-10-2019** | Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i gColáiste na Tulchann<br>*Deadline for First Year Applications in* Coláiste na Tulchann | 16:00<br>16:00 |
| **24-10-2019** | Tráth na gCeist Bliantúil \| *Annual Table Quiz* | 20:30 sa *Bell* |
| **20-11-2019** | **Scoil Dúnta – Oiliúint In-seirbhíse \| *School Closed – In-service training*** | |
| **27-11-2019** | Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí \| *Parent Teacher Meetings* | 14:45-17:45 Páistí abhaile ar 14:15 |
| **28-11-2019** | Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí \| *Parent Teacher Meetings* | 14:45-16:45 |
| **13-12-2019** | Seó na nOg \| *Infants Christmas Show* | 12:00-13:30 |
| **31-12-2019** | Spriocdháta do Choláiste Chaisleán Cnucha 2021\| *Deadline for Castleknock College* 2021 | |
| **31-03-2020** | Spriocdháta na n-iarratas do Choláiste Belvedere – caithfear iarratais do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig<br>*Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class* | |
| **28-02-2020** | Cóineartú \| *Confirmation* | 11:00 i Séipeál Bhríde |
| **23-05-2020** | Comaoineach \| *Communion* | 12:00 i Séipéal Bhríde |









Molann an obair an fear


Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach
Oíche Oscailte
SCOIL
OILIBHÉIR
2 DEIREADH FÓMHAIR
18:00 - 20:00
Bunscoil lán-Ghaeilge sa Chúil Mhín
Bunaithe 1975
Fáilte roimh thuismitheoirí agus roimh dhaltaí ionchasacha
www.gaelscoiloilibheir.ie
runai.scoil.oilibheir@gmail.com
01-8215277

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

